


COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE



Aonad 3

CLEAHTAS DON CHEAPADÓIREACHT DHIGITEACH



Tástáil AB + Inrochtaineacht

Suntas a bhaineann le tástáil agus forbairt pleananna cuí tástála

Torthaí foghlama

Ba chóir do dhaltá a bheith ábalta:

- Ról na tástála sa phróiseas forbartha a mhíniú, lena n-áirítear cur chuige atriallach
- Cuir síos ar ghnéithe plean éifeachtach tástála
- Na cuir chuige seo a leanas i leith na tástála a mhíniú
 - Tástáil Struchtúir
 - Tástáil Feidhmiúlachta
 - Tástáil Chórais
 - Alfa-Thástáil
 - Béite-Thástáil
 - Tástáil A/B
- Cuir síos ar an dóigh leis na rudaí seo a leanas a thástáil i bpacáiste ilmheán; nascleanúint, oibríocht sócmhainne ilmheán, agaí lódála agus tástáil scripte; agus

Ról na Tástála

Is céim thar a bheith tábhachtach í an tástáil i bpróiseas forbartha na mbogearraí. Caithfidh na bogearraí feidhmiú mar a bhfuiltear ag dúil leo nó ní bheidh an cliant sásta. Ba chóir na bogearraí a bheith tástáilte go hiomlán le freastal ar na féidearthachtaí uilig a bhféadfadh úsáideoir deiridh ag triail agus iad ag úsáid na mbogearraí. Fadhbanna a fhaightear le linn tástála, tugtar fabhtanna orthu. Ní mór fabhtanna a chóiriú agus ansin ní mór na bogearraí a atástáil. Is den tábhacht próiseas na tástála a dhoiciméadú lena chinntiú ar dtús go ndéantar é ar dhóigh loighciúil agus mhodhúil agus sa dara háit, go gcuirtear fianaise ar fáil go ndearnadh an tástáil.

Cad é is Plean Tástála ann?

Is doiciméad scríofa é an plean tástála agus is iondúil go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ann:

1. Uimhir na Tástála
2. Cur síos ar an Tástáil
3. Sonraí na tástála
4. Toradh Ionchais
5. Toradh Iarbhír

Abair go mbaineann múinteoirí úsáid as scarbhileog le torthaí na ndaltaí sna scrúduithe a chur isteach. Is é 0 – 100 an raon inghlactha de na sonraí.

Uimh. Tástála	Cur síos ar an Tástáil	Sonraí na Tástála	Toradh Ionchais	Toradh Iarbhir
1	Tástáil go nglacfar le 0	0	Cuirtear sonraí isteach. Níor chóir go nochtfadh	
2	Tástáil go nglacfar le 100	100	Cuirtear sonraí isteach. Níor chóir go nochtfadh	
3	Tástáil nach gceadaítear uimhreacha diúltacha a chur isteach	-5	Ba chóir go nochtfadh teachtaireacht earráide	
4	Tástáil nach gceadaítear litreacha	Hello	Ba chóir go nochtfadh teachtaireacht earráide	
5	Tástáil go nglactar le sonraí normalacha	55	Cuirtear sonraí isteach.	

Sonraí na Tástála

- Sonraí Normalacha:** sonraí a nglacfaidh an ríomhchlár leo.
- Sonraí Foircneacha:** sonraí atá ar imeall na hinghlathachta.
- Sonraí Eisceachtúla:** sonraí a bheidh neamhbhailí agus nach nglacfar leo nuair a chuirtear isteach iad.

Gníomhaíocht

An dtig leat na cineálacha difriúla sonraí sa phlean tástála thuas a shainaithint?

Cineálacha Tástála

Tástáil Struchtúir

Déanann teicnící struchtúir anailís ar struchtúr agus ar loigic an ríomhchláir. Déantar seo a úsáid ansin le cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar dhoimhneacht na tástála agus le roghnú sonraí cuí a stiúradh a ndéanfar achair chóid a rith nár ritheadh go fóill.

Tástáil Feidhmiúlachta

Teicnící feidhmiúlachta, amharcann siad ar na bogearraí mar 'bhosca dubh' le hionchuir agus le haschuir ach gan tuiscint ar bith ann ar a dtarlaíonn taobh istigh den bhosca dubh. Agus tástáil á déanamh, roghnaítear ionchuir chuí bunaithe ar chomhéadain an chórais nó an mhodúil.

Tástáil Córais

Tá sé seo ag cinntiú go bhfeidhmíonn an córas mar a bhfuil cur síos air sa tsonraíocht. Déantar seo ag leanúint plean tástála le gach feidhm aonair chórais a thástáil. Déanfaidh sé a thástáil fosta go n oibríonn gach feidhm aonair le sonraí foircneacha

nó neamhbhailí. Cinnteoidh an córas tástála fostago dtáirgeann an córas na torthaí cearta don ionchur sonraí.

Alfa-Thástáil

Déantar alfa-thástáil ar dtús, roimh bhéite-thástáil. Déanann na forbróirí í go himheánach nuair a mheasann siad go bhfuil an táirge réidh. Úsáidtear sonraí tástála.

Béite-thástáil

Déantar béite-thástáil i ndiaidh alfa-thástála. Tugtar an táirge do réimse d'úsáideoirí deiridh féideartha lena fháil amach an dtig leo aon fhadhbanna a aimsiú. Baintear úsáid as sonraí beo. Na húsáideoirí deiridh, cuireann siad aiseolas ar fáil don fhorbróir a dhéanfaidh iarracht aon fhadhbanna a fhaightear a chóiriú.

Tástáil A/B

Is modh í tástáil A/B (ar a dtugtar fosta tástáil scoilte) le dhá leagan de leathanach gréasáin nó d'aip a chur i gcomparáid lena chéile lena fháil amach cé acu is fearr a fheidhmíonn.

Pacáiste Ilmheán a Thástáil

Nascleanúint

Agus pacáiste ilmheán á thástáil, tá sé an-tábhachtach go ndéantar an nascleanúint tríd an táirge a thástáil ina iomláine. Ba chóir tástáil a dhéanamh ar gach cnaipe agus hipearnasc, idir inmheánach agus sheachtrach. Tá sé tábhachtach nach n-éiríonn an t-úsáideoir 'gafa' sa phacáiste agus go dtugtar an rogha dó i gcónaí filleadh ar an phríomhscáileán. Ba chóir gach rogha fhéideartha tríd an phacáiste a thástáil. Ba chóir nascleanúint a bheith soiléir iomasach más féidir.

Oibríocht sócmhainne ilmheán

Ba chóir gach sócmhainn ilmheán a thástáil go hiomlán taobh istigh de na pacáistí. Cuimsíonn seo seiceáil a dhéanamh go lódálann gach íomhá, go seinneann gach físeán (fuaim san áireamh), go n-oibríonn beochana, go mbogann téacs scrollála srl. Ba chóir iad seo uilig a thástáil ar bhrabhsálaithe difriúla agus ar ardáin dhifriúla.

Agaí lódála

Úsáideoirí deiridh inniu, bíonn siad thar a bheith mífhoighneach agus bíonn siad ag dúil le suíomhanna gréasáin agus le haipeanna oscailt agus lódáil go gasta, mar sin de, is den tábhacht a thástáil go n-osclaíonn an pacáiste in aga optamach.

Tástáil scrípte

Is tacar treoracha í tástáil scrípte (scríofa le teanga ríomhchlárúcháin), a dhéantar ar chóras atá á thástáil lena chinntiú go bhfeidhmíonn an córas mar ba cheart. Déantar scrípteanna tástála a úsáid i dtástáil uathoibríthe de phacáistí ilmheán.

Ceisteanna

1. Ní mór go bhfuil 8 gcarachtar ar fad i bpassfhocal d'ardán nua meán sóisialta agus tá litreacha agus uimhreacha san áireamh ann. Sainaithin 3 thástáil dhifriúla ar a laghad, ar chóir a rith lena chinntiú go ndéantar tástáil ar shonraí normalacha, foircneacha agus eisceachtúla. (6 mharc)
2. Cuir síos ar an difríocht idir alfa-thástáil agus béite-thástáil. (4 mharc)
3. Cuir síos ar an difríocht idir tástáil struchtúir agus tástáil feidhmiúlachta. (4 mharc)

